CuntasLeithreasa 2016

# Vóta 24

# Dlí agus Ceart agus Comhionannas

## Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 24, ceanglaítear orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain, agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste le hiniúchadh.

De réir an cheanglais seo, tugaim tuairisc sa chuntas a ghabhann leis seo ar an méid a caitheadh sa bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2016 ar thuarastail agus ar chostais Oifig an Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais, ar fhoireann na Seirbhíse Promhaidh agus seirbhísí áirithe eile, lena n-áirítear íocaíochtaí faoi scéimeanna airgead-teoranta atá á riar ag an Oifig sin, agus íocaíochtaí deontas agus deontas áirithe.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasaithe 2016, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí-i-gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain.

Dlitear barrachas €25.52 milliún a ghéilleadh don Státchiste.

Is cuid den Chuntas iad Ráiteas na mBeartas agus na bPrionsabal Cuntasaíochta agus nótaí 1 go 6.

**Aistriú Feidhmeanna**

Aistríodh an fhreagracht do Shuirbhéireacht Ordanáis Éireann (SOE) ón Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha (An Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil anois) le héifeacht ón 1 Eanáir 2016 faoin Ordú Riarachán Roinne agus Feidhmeanna an Aire a Aistriú 2015 (I.R. Uimh. 637 de 2015).

**Struchtúr vótála**

Tá an vóta Dlí agus Comhionnannais leagtha amach ar bhonn cláir ó 2013. Rinneadh athbhreithniú ar an struchtúr cláir sa bhliain 2016 chun Ráiteas Straitéise 2015-2017 na Roinne a léiriú. Mar thoradh air sin, tá an leagan amach nua curtha i bhfeidhm ar na figiúirí comparáide do 2015.

Tá na fo-cheannteidil a bhí ann cheana curtha le chéile faoi cheann amháin de chúig chlár agus tá na costais riaracháin roinnte idir na cláir ar fad.

Is iad seo a leanas na cláir

- A Ceannaireacht agus maoirseacht ar pholasaithe Ceartais agus Comhionnannais agus iad a chur i bhfeidhm
- B Éire slán sábháilte
- C Fáil ar cheartas do chách
- D Sochaí cothrom uilechuimsitheach
- E Córas inimirce, tearmainn agus saoránachta atá éifeachtach, so-fhreagrach agus cothrom.

Bunaíodh an tÚdarás Póilíneachta (Fo-cheannteideal A.11 mar a bhíodh) mar Vóta ar leith le héifeacht ón 1 Eanáir 2016. Tá an caiteachas don bhliain roimhe sin don Údarás Póilíneachta san áireamh faoi Chlár A chun cinntiú go léirítear an táirgeacht iomlán don vóta i 2015.

Tarraingíodh as, i 2016, an fo-cheannteideal do na híocaíochtaí do thionscnóirí crannchur áirithe carthanach (Fo-cheannteideal D.12 roimhe seo) tar éis scor na scéime íocaíochtaí faoi thrácht. Léirítear an caiteachas do 2015 faoi Chlár A chun cinntiú go léirítear an táirgeacht iomlán don vóta i 2015.

## Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta, maidir le cuntais leithreasa a tháirgeadh, chun feidhme agus an cuntas á ullmhú seachas i gcás an mhéid seo a leanas:

***Dímheas***

Déantar sócmhainní caipitil a dhímheas de réir méid chothroim thar a saolré úsáideach mheasta ag tosú sa mhí ina gcuirtear an tsócmhainn i mbun seirbhíse. Déantar foirgnimh a dhímheas ar ráta 2% in aghaidh na bliana de réir méid chothroim thar an saolré úsáideach mheasta. Déantar feithiclí agus trealamh a dhímheas ag ráta 20% in aghaidh na bliana de réir mhéid chothroim thar a saolré úsáideach mheasta.

## Ráiteas faoin Rialú Inmheánach Airgeadais

***Freagracht don chóras rialaithe airgeadais inmheánach***

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá agam as cinntiú go ndéantar córas éifeachtach rialaithe airgeadais inmheánaigh a chothabháil agus a fheidhmiú ag an Roinn.

Déantar an fhreagracht seo a chleachtadh i gcomhthéacs na n-acmhainní sin atá ar fáil dom féin agus i gcomhthéacs mo chuid dualgais féin mar Ard-Rúnaí. Freisin, ní féidir le haon chóras rialaithe airgeadais inmheánaigh ach ráthaíocht réasúnta seachas dearbhráthaíocht go bhfuil sócmhainní cumhdaithe, idirbhearta údaraithe agus taifeadta go cuí, agus go ndéantar earráidí ábhartha nó mírialtachtaí eile cé acu a chosc nó go ndéanfaí iad a aimsiú go tráthúil. Is próiseas leanúnach é an córas rialaithe airgeadais inmheánacha a chothabháil agus bíonn an córas agus a éifeachtúlacht faoi athbhreithniú a leanann ar aghaidh.

***Seirbhísí Comhroinnte***

Cuirtear seirbhísí párolla agus acmhainní daonna ar fáil don Roinn ar bhonn seirbhísí comhroinnte ag an Oifig Náisiúnta Seirbhísí Comhroinnte.

Bím ag brath ar litir árachais ón Oifigeach Cuntasaíochta don Vóta um Sheirbhísí Comhroinnte chun na smachta cuí a fheidhmiú i rith na seirbhísí comhroinnte a sholáthar don Roinn.

Tá litir árachais soláthartha agam do na hOifigigh Chuntasaíochta, ag fáil seirbhísí comhroinnte airgeadais ó lár-ionad Seirbhísí Comhroinnte Airgeadais na Roinne i gCill Airne, maidir leis na smachta atá curtha ar bun.

***Timpeallacht rialaithe airgeadais***

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm a bhfuil mar chuid di na heilimintí seo a leanas

- sannadh freagrachtaí airgeadais ag leibhéal bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach
- bunaíodh socruithe tuairiscithe ag gach leibhéal mar ar sannadh an fhreagracht do bhainistiú airgeadais
- bunaíodh gnáthaimh fhoirmeálta do thuairisciú teipeanna suntasacha rialaithe agus do chinntiú gníomhaíochta ceartaithí cuí
- is ann do Choiste Iniúchta le comhairle a thabhairt dom maidir le comhlíonadh mo chuid freagrachtaí don chóras rialaithe airgeadais inmheánaigh.

***Rialaithe riaracháin agus tuairisciú bainistithe***

Deimhním go bhfuil creatlach gnáthamh riaracháin agus tuairisciú rialta bainistithe i bhfeidhm, lena n-áirítear deighilt na ndualgais agus córas tarmligin agus cuntasachta agus, go háirithe, gurb ann dóibh seo a leanas

- córas buiséadaithe cuí le buiséad bliantúil a choinnítear faoi athbhreithniú ag lucht bainistithe sinsearach
- athbhreithnithe rialta ag lucht bainistithe sinsearach a léiríonn feidhmíocht airgeadais i gcomparáid le tuartha
- córas bainistithe riosca ag feidhmiú laistigh den Roinn
- córais atá dírithe ar chinntiú shlándáil na gcóras TEC
- treoirlínte cuí rialaithe infheistíochta caipitil agus disciplíní bainistithe tionscadail fhoirmeálta.

**Soláthar poiblí**

Deimhníonn an Roinn go gcomhlíontar an dlí i dtaca le soláthar agus polasaí Rialtais agus modhanna Rialtais. Baintear leas as bunachar lárnach sonraí chun athbhreithniú a dhéanamh ar chaiteachas sa chóras Bainistíochta Airgeadais chun a dheimhniú go bhfuil an caiteachas ann mar thoradh ar mhodhanna cuí soláthair. Tá formhór mór na dtairiscintí á reáchtáil anois ag an Oifig um Sholáthar Rialtais nó i gcomhar leis an Oifig. Nuair a mheastar nach bhfuil an próiseas tairisceana indéanta, mar a shamhlaítear i gciorclán 40/2002. lorgaítear faomhadh ón Oifigeach Soláthair agus seoltar tuairisceán bliantúil chuig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus an Oifig um Sholáthar Rialtais de réir mar a éilíonn an ciorclán.

Tá tríocha a haon soláthair is fiche á dtuairisciú sa bhliain 2016 faoi Chiorclán 40/2002 agus luach iomlán de €6,098,361luaite leo. Bristear síos iad mar seo a leanas:

- Ceithre chás déag le caiteachas iomlán ar luach €2,092,438, mar a bhfuil soláthróir aonair i gceist, a bhain den chuid is mó le hEolaíocht Fhóiréinseach na hÉireann agus le caiteachas a bhain le TFC. Is sa chatagóir seo is mó a n-eascraíonn socruithe tacaíochta fadtéarmacha nó i dtaca le tomhaltáin do threalamh dílsithe saotharlainne. Tá costais athnuachana bliantúla cheadúnas dílsithe TFC san áireamh freisin.
- Trí chás déag le caiteachas iomlán ar luach €2,092,438, mar a síntear conradh atá i bhfeidhm cheana agus socruithe a bhfuil OSR i gceannas orthu á gcur i bhfeidhm. Tá ocht gcinn acu seo faoi réir ag tairiscintí foilsithe agus tá sé tugtha le fios ag OSR go mbeidh siad ag reáchtáil tairiscintí sna cúig chás eile. Mar thaca le polasaí OSR: "guth amháin chun an mhargaidh", meastar go ginearálta nach bhfuil sé stuama dul chun an mhargaidh le haghaidh tairiscintí sealadacha gearrthéarmacha.
- Ceithre chás le caiteachas iomlán ar luach €458,229 mar ar chuir an riachtanas le haghaidh eolais an-speisialaithe cosc ar reáchtáil tairisceana do sheirbhísí a bhaineann le haimsiú chorp íobartach agus do sheirbhísí saineolaí idirnáisiúnta chun tacú le hathbhreithniú ag Cigireacht na bPríosún agus do shainseirbhísí gairmiúla a theastaíonn ón mBiúró um Shócmhainní Coiriúla.

***Iniúchadh Inmheánach agus Coiste Iniúchta***

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchta inmheánach ag an Roinn le pearsanra atá oilte go cuí, a fheidhmíonn de réir cairte scríofa atá faofa agam. Téann anailís de na rioscaí airgeadais sin atá os comhair na Roinne i bhfeidhm ar a cuid oibre agus tá a cuid pleananna bliantúla iniúchta inmheánaigh, atá faofa agam féin, bunaithe ar an anailís seo. Tá sé d'aidhm ag na pleananna seo na príomhrialaithe a chlúdach ar bhonn atrátha thar thréimhse réasúnta. Déantar an fheidhm inmheánach iniúchta a athbhreithniú ó am go chéile agam féin agus ag an gCoiste Iniúchta. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam le cinntiú go ndéantar tuairiscí na feidhme iniúchta inmheánaigh a athleanúint.

**Noel Waters**
Oifigeach Cuntasaíochta
An Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais

25 Meán Fómhair 2017

## Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

## Tuairisc le cur faoi bhráid Tithe an Oireachtais

## Vóta 24 Dlí agus Ceart agus Comhionannas

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithreasa do Vóta 24 Dlí agus Ceart agus Comhionannas don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2016 faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993. Ullmhaíodh an cuntas san fhoirm a fhorordaiodh ag an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, de réir na mbeartas cuntasaíochta caighdeánacha agus na bprionsabal do chuntais leithreasa.

***Freagracht an Oifigigh Chuntasaíochta***

De réir Ailt 22 an Achta um Ranna Státchiste agus Iniúchta 1866, tá iachall ar an Oifigeach Cuntasaíochta an cuntas leithreasa a ullmhú. De réir an dlí, ní mór an cuntas a chur faoi mo bhráid faoi 31 Márta tar éis deireadh na bliana cuntais.

Tá an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach freisin as cumhdach na gcistí poiblí agus na réadmhaoine sin atá faoina smacht, as an éifeachtacht agus as an mbarainneacht riaracháin ina Roinn agus as rialtacht agus geanas gach idirbhirt sna cuntais leithreasa.

***Freagracht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste***

Tá iachall orm faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993 iniúchadh a dhéanamh ar chuntais leithreasa gach Vóta agus na tástálacha sin a chur i gcrích a measaim iad a bheith cuí do chuspóir an iniúchta.

Tar éis críochnú iniúchadh cuntais leithreasa, tá iachall orm teastas a sholáthar a dhearbhaíonn más amhlaidh, i mo thuairim féin, go léiríonn an cuntas go cuí na fáltais agus an caiteachas a bhaineann leis an Vóta. Tá iachall orm freisin tagairt a dhéanamh d'aon chás ábhartha mar

- ar theip ar roinn nó ar oifig caiteachas a chur i bhfeidhm a taifeadadh sa chuntas do na cuspóirí a bhí i gceist leis na leithreasuithe a rinneadh ag an Oireachtas, nó
- nach gcloíonn na hidirbhearta a taifeadadh sa chuntas ag cloí leis an údarás faoina maíonn siad a bheith curtha i gcrích.

Faoi Alt 3 (10) d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993, tá iachall orm tuarascáil a ullmhú gach bliain, faoi aon cheisteanna a eascraíonn as m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa.

***Scóip an iniúchta***

Áirítear mar chuid d'iniúchadh scrúdú, ar bhonn tástála, fianaise a bhaineann le hábhar do shuimeanna agus do rialtacht na n-idirbheart airgeadais atá san áireamh sa chuntas chomh maith le measúnú i dtaca leis an gceist ar cloíodh le forálacha cuntasaíochta *Ghnáthaimh Airgeadais Phoiblí* na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Tá i gceist leis an iniúchadh dóthain fianaise a fháil le ráthaíocht réasúnta a sholáthar go bhfuil an cuntas leithreasa saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu mar gheall ar chaimiléireacht nó mírialtacht nó earráid eile. Déanaim iarracht freisin fianaise a fháil faoi rialtacht na n-idirbheart airgeadais le linn an iniúchta. Agus an tuairim iniúchta á cur in iúl, déantar measúnú faoi leordhóthanacht iomlán chur i láthair na faisnéise sa chuntas leithreasa.

***Tuairim faoin gcuntas leithreasa***

I mo thuairimse, léiríonn an cuntas leithreasa go cuí fáltais agus caiteachas Vóta 24 Dlí agus Ceart agus Comhionannas don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2016.

Tá an fhaisnéis agus na míniúcháin ar fad faighte agam a measaim iad a bheith riachtanach do chuspóirí m'iniúchta. I mo thuairimse, coimeádadh leabhair chuí chuntais ag an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais. Réitíonn an cuntas leithreasa leis na leabhair chuntais.

***Caiteachas neamhéifeachtach***

Nochtann Nóta 6.8 leis an gcuntas íocaíocht agus caiteachas socraithe maidir le feistiú agus tógáil ar cíos réadmhaoine léasaithe ag an tSeirbhís Promhaidh do thionscadal pobalbhunaithe. Mar gheall ar cheisteanna pleanála, níor áitíodh an réadmhaoin don chuspóir úd dá bhfuarthas í agus ní raibh an Roinn in ann malairt úsáide a fháil don réadmhaoin. Tá deireadh curtha leis an léas anois. Ba é luach na gcostas iomlán a tabhaíodh don Vóta ná €3.89 milliún. Tugadh tuairisc faoin gceist i gCaibidil 15 den tuarascáil faoi chuntais na seirbhísí poiblí 2011.

***Neamhchomhlíonadh na rialacha soláthair***

Tá sé nochta ag an Oifigeach Cuntasaíochta sa ráiteas faoi rialú airgeadais inmheánaigh gur tharla cásanna ábhartha neamhchomhlíonadh na rialacha náisiúnta soláthair maidir le conarthaí a bhí ag feidhmiú i 2016.

***Ag tuairisciú faoi nithe ag eascairt as an iniúchadh***

Tagraíonn Caibidil 13 de mo thuarascáil faoi chuntais na seirbhísí poiblí do 2016 d´fhorbairt chóras TFC ag an Roinn.

**Seamus MacCárthaigh**
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

25 Meán Fómhair 2017

# Vóta 24 Dlí agus Ceart agus Comhionannas
## Cuntas Leithreasa 2016

| | | 2016 | | 2015 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar meastacháin** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Caiteachas clár** | | | | |
| A | Ceannaireacht agus Maoirseacht ar Pholasaí Ceartais agus Comhionannais agus Cur i bhFeidhm | 52,656 | 48,631 | 41,669 |
| B | Éire slán, sábháilte | 148,237 | 153,075 | 147,245 |
| C | Fáil ar cheartas do chách | 47,601 | 42,726 | 48,743 |
| D | Sochaí chothrom uilechuimsitheach | 17,678 | 15,645 | 9,494 |
| E | Córas Inimirce, tearmainn agus saoránachta atá éifeachtach, so-fhreagrach agus cothrom | 145,123 | 129,765 | 119,185 |
| | **Ollchaiteachas** | **411,295** | **389,842** | **366,336** |
| | *Asbhain* | | | |
| F | **Leithreasaí i gcabhair** | | | |
| | | **60,879** | **64,949** | **64,225** |
| | **Glanchaiteachas** | | | |
| | | **350,416** | **324,893** | **302,111** |

**Farasbarr do ghéilleadh**

Tá farasbarr na suime a soláthraíodh le hais na glansuime a cuireadh i bhfeidhm dlite do ghéilleadh don Státchiste.

| | 2016 | 2015 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Farasbarr le tabhairt suas | 25,522,743 | 9,014,861 |

**Anailís an chaiteachais riaracháin**

| | | 2016 | | 2015 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar meastacháin** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| **i** | Tuarastail, pánna agus liúntais | 19,966 | 19,387 | 19,786 |
| **ii** | Taisteal agus cothabháil | 340 | 274 | 362 |
| **iii** | Oiliúint agus forbairt agus costais theagmhasacha | 3,517 | 5,139 | 4,835 |
| **iv** | Seirbhísí poist agus teileachumarsáide | 635 | 1,213 | 1,003 |
| **v** | Trealamh oifige agus seirbhísí TF seachtracha | 5,235 | 8,946 | 9,758 |
| **vi** | Costais áitribh oifige | 1,633 | 2,024 | 1,773 |
| **vii** | Seirbhísí comhairleoireachta agus athbhreithnithe ar an luach ar airgead agus ar pholasaithe | 73 | 136 | 5 |
| **viii** | Taighde | 82 | — | 1 |
| **ix** | Seirbhísí Comhroinnte Airgeadais | 8,542 | 6,186 | 7,461 |
| | | 40,023 | 43,305 | 44,984 |

# Nótaí don Chuntas Leithreasa

## 1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2016

| | | 2016 | 2015 |
|---|---|---|---|
| | **€000** | **€000** | **€000** |
| | | | |
| Caiteachascláir | | 346,537 | 321,352 |
| Pá[a] | | 23,526 | 24,983 |
| Neamhphá | | 19,779 | 20,001 |
| **Ollchaiteachas** | | **389,842** | **366,336** |
| *Asbhain* | | | |
| **Leithreasaí-i-gcabhair** | | **64,949** | **64,225** |
| **Glanchaiteachas** | | **324,893** | **302,111** |
| | | | |
| **Athraithe maidir le sócmhainní caipitil** | | | |
| Airgead tirim um cheannachán | (2,829) | | |
| Dímheas | 6,463 | | |
| Caillteanas ar dhiúscairtí | 6 | | |
| Airgead tirim um dhiúscairtí | 10 | | |
| | | 3,650 | 1,999 |
| **Athraithe maidir le sócmhainní atá á bhforbairt** | | | |
| Íocaíochtaí in airgead tirim | (2,016) | | |
| **Díscríobh fheabhsúchán léasa (nóta 2.3)** | 1,068 | | |
| | | (948) | (2,231) |
| **Athraithe maidir le glansócmhainní reatha** | | | |
| Méadú ar fhabhraithe deiridh | 3,160 | | |
| Méadú ar stoc | (35) | | |
| | | 3,125 | (3,568) |
| **Caiteachas díreach** | | **330,720** | **298,311** |
| | | | |
| **Caiteachas a iompraíodh in áit eile** | | | |
| Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1) | | 32,221 | 30,482 |
| Measchíosanna | | 4,493 | 4,581 |
| **Costas glanclár** | | **367,434** | **333,374** |

[a] Áirítear leis an bhfigiúrpá le haghaidh 2016 tuarastail don IonadComhsheirbhísíAirgeadaisarbhionanniadagus €4,138,719 (2015: €5,197,147). Tá an costasgearrtha i gClár A – Ceannaireacht agus maoirseacht ar pholasaí ceartais agus comhionannais agus cur i bhfeidhm, fotheideal A.1 Riarachán – pá.

**1.1 Glanchaiteachas ar Sheirbhísí Gaolmhara**

Tá glanchaiteachas na seirbhísí gaolmhara déanta suas de na méideanna measta seo a leanas maidir le Vóta 24 a iompraíodh in áit eile agus costas cionroinnte lárionad seirbhísí comhroinnte na Roinne.

| | | 2016 | 2015 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| Vóta 9 Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim | m | 199 | 166 |
| Vóta 12 Aoisliúntas agus Liúntais Scoir | m | 23,504 | 23,190 |
| Vóta 13 Oifig na nOibreacha Poiblí | m | 12,662 | 12,322 |
| Vóta 18 Oifig Náisiúnta um Seirbhísí Roinnte | m | 272 | 169 |
| Vóta 20 An Garda Síochána | m | 170 | 185 |
| Lárchiste – Pinsin na nAirí | | 208 | 311 |
| | | 37,015 | 36,343 |
| Vóta 24 Comhsheirbhísí - costas cionroinnte an Lárionaid Chomhsheirbhísí Airgeadais | m | (4,794) | (5,861) |
| | | 32,221 | 30,482 |

Tugann "m" le fios gur luach measta nó costas cionroinnte atá ann.

## 2 Clár Comhardaithe ag 31 Nollaig 2016

| | Nóta | 2016<br>€000 | 2015<br>€000 |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní caipitil** | 2.2 | 16,557 | 17,961 |
| **Sócmhainní caipitil atá á bhforbairt** | 2.3 | 2,041 | 3,619 |
| | | **18,598** | **21,580** |
| **Sócmhainní Reatha** | | | |
| Banc agus airgead tirim | 2.4 | 27,248 | 16,551 |
| Stoic | 2.5 | 1,628 | 1,593 |
| Réamhíocaíochtaí | | 6,723 | 6,405 |
| Ioncam fabhraithe | | 4,435 | 7,859 |
| Iarmhéideanna dochair eile | 2.6 | 604 | 840 |
| **Iomlán na sócmhainní reatha** | | **40,638** | **33,248** |
| **Lúide dliteanais reatha** | | | |
| Costais fhabhraithe | | 5,876 | 5,810 |
| Ioncam iarchurtha | | 103 | 115 |
| Iarmhéideanna creidmheasa eile | 2.7 | 27,229 | 16,984 |
| Glandliteanas don Státchiste | 2.8 | 623 | 407 |
| **Iomlán na ndliteanas reatha** | | **33,831** | **23,316** |
| **Glansócmhainní reatha** | | **6,807** | **9,932** |
| **Glansócmhainní** | | **25,405** | **31,512** |
| **Arna léiriú ag:** | | | |
| **Cuntas maoiniú Stáit** | 2.1 | **25,405** | **31,512** |

| **2.1 Cuntas Maoiniú Stáit** | **Nóta** | | **2016** | **2015** |
|---|---|---|---|---|
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| Iarmhéid ag 1 Eanáir | | | 31,512 | 27,494 |
| Eisíocaíochtaí as an vóta | | | | |
| Soláthar meastacháin | Cuntas | 350,416 | | |
| Farasbarr le tabhairt suas | Cuntas | (25,523) | | |
| Vóta glan | | | 324,893 | 302,111 |
| Glanchaiteachas (airgead tirim) iompraíodh in áit eile | 1.1 | | 32,221 | 30,482 |
| Caiteachas neamh-airgid – measchíosanna | 1 | | 4,493 | 4,581 |
| Costas glan clár | 1 | | (367,434) | (333,374) |
| Aistriú chuig ranna eile | | | (280) | 218 |
| **Iarmhéid ag 31 Nollaig** | | | 25,405 | 31,512 |

**2.2 Sócmhainní Caipitil**

| | Talamh agus foirgnimh | Feithiclí agus trealamh | Trealamh oifige agus TF | Troscán agus feistis | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Ollsócmhainní** | | | | | |
| Costas nó luacháil ag 1 Eanáir 2016 | 6,974 | 1,363 | 97,383 | 2,659 | 108,379 |
| Breiseanna | — | 271 | 4,844 | 240 | 5,355 |
| Coigeartú[1] | — | — | (544) | — | (544) |
| Aistriú isteach[2] | — | — | 102 | — | 102 |
| Aistriú amach[3] | (73) | — | — | — | (73) |
| Diúscairtí[4] | — | (79) | (3,035) | (42) | (3,156) |
| Costas nó luacháil ag 31 Nollaig 2016 | 6,901 | 1,555 | 98,750 | 2,857 | 110,063 |
| **Dímheas carntha** | | | | | |
| Iarmhéid tosaigh ag 1 Eanáir 2016 | 1,044 | 990 | 86,281 | 2,103 | 90,418 |
| Dímheas don bhliain | 139 | 124 | 6,022 | 178 | 6,463 |
| Coigeartú[1] | — | — | (324) | — | (324) |
| DímheasAistriú-isteach[2] | — | — | 102 | — | 102 |
| Dímheas Aistriú amach[3] | (13) | — | — | — | (13) |
| Dímheas ar dhiúscairtí[4] | — | (79) | (3,024) | (37) | (3,140) |
| Dímheas carntha ag 31 Nollaig 2016 | 1,170 | 1,035 | 89,057 | 2,244 | 93,506 |
| **Glansócmhainní ag 31 Nollaig 2016** | **5,731** | **520** | **9,693** | **613** | **16,557** |
| **Glansócmhainní ag 31 Nollaig 2015** | **5,930** | **373** | **11,102** | **556** | **17,961** |

[1] Baineann an coigeartú le hathrangú costas ó chostais chaipitil go dtí caiteachas reatha maidir le Córas IT do Sheirbhís Dóchmhainneachta na hÉireann.

[2] Tagraíonn na sócmhainní a aistríodh isteach do cheadúnais iarratais do chóras bainistithe airgeadais Oracle a fuarthas ón Roinn Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil

[3] Baineann an tsócmhainn atá aistrithe amach le foirgneamh réamhdhéanta ó Shaotharlann Paiteolaíochta an Stáit chuig An Garda Síochána. Tá luach glan €60,000 luaite leis an tsócmhainn.

[4] Ag eascairt as athbhreithniú ar shócmhainní seasta atá fós ag dul ar aghaidh, tarraingíodh roinnt sócmhainní (mórchuid acu le glanluach de réir na leabhar atá nialasach), nach raibh i bhfeidhm le linn an fhardail, tarraingíodh iad as clár na sócmhainní i 2016.Is iad na hacmhainní seo atá i gceist leis an bhfigiúir a bhaineann le diúscairtí sa bhliain 2016.

**2.3 SócmhainníCaipitil á bhForbairt**

| | Feidhmchláir ríomhaireachta in-tí | Foirgnimh | Iomlán |
|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 |
| Méideanna tugtha ar aghaidh ag 1 Eanáir 2016 | 2,551 | 1,068 | 3,619 |
| Íocaíochtairgid don bhliain | 2,016 | — | 2,016 |
| Foirceannadh léasa [1] | — | (1,068) | (1,068) |
| Aistrithe go sócmhainnícaipitil | (2,526) | — | (2,526) |
| Méideanna tugtha ar aghaidh ag 31 Nollaig 2016 | 2,041 | — | 2,041 |

[1] Tá deireadh anois leis na himeachtaí dlí i dtaca le háitribh oifige ar Shráid Wolfe Tone, Baile Átha Cliath 1 do thogra pobail, maoinithe ag an tSeirbhís Promhaidh agus socraíodh go n-íocfadh an Roinn €1.8 milliún. Léiríodh suim €1.068 milliún,caite ar fheabhsúcháin léasachta,mar shócmhainn faoi fhorbairt i nóta 2.3 Sócmhainní Caipitil faoi Fhorbairt sna blianta roimhe. Mar chuid den socrú, tá deireadh curtha leis an léas agus ní thabhófar aon chostas breise i dtaca leis an maoin seo (féach nóta 6.8).

| **2.4 Banc agus Airgead Tirim** | **2016** | **2015** |
|---|---|---|
| ag 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| Airgead tirim agus iarmhéideanna an Phámháistir Ginearálta | 17,922 | 8,525 |
| Cuntais bhainc thráchtála | 9,326 | 8,026 |
| | 27,248 | 16,551 |

| **2.5 Stoic** | **2016** | **2015** |
|---|---|---|
| ag 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| Páipéarachas | 158 | 162 |
| Tomhaltais fóiréinseacha | 233 | 159 |
| Tomhaltais TF | 36 | 76 |
| Cártaí clárúcháin inimirce | 1,128 | 1,133 |
| Ilghnéitheach | 26 | 18 |
| Foilseacháin | 23 | 23 |
| Trealamh/ éadach | 24 | 22 |
| | 1,628 | 1,593 |

| **2.6 Iarmhéideanna Dochair Eile** | **2016** | **2015** |
|---|---|---|
| ag 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| Airleacain d'Oifig na nOibreacha Poiblí | 29 | (28) |
| Óinchistí | 56 | 55 |
| Aisghabháil na scéime pas taistil | 424 | 409 |
| Glacadóireacht an Biúró um Shócmhainní Coiriúla | 35 | 35 |
| Cuntas fionraí párolla (Pá-chonair) | — | 345 |
| Eile | 60 | 24 |
| | 604 | 840 |

| **2.7 Iarmhéideanna Creidmheasa Eile** | **2016** | **2015** |
|---|---|---|
| ag 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| Méideanna dlite don Stát | | |
| Cáin Ioncaim | 2,592 | 2,590 |
| Árachas Sóisialta Pá-Choibhneasa | 1,349 | 1,184 |
| Cáin Bhreisluacha | 216 | 193 |
| Cáin Fhoirgníochta | 1 | — |
| Cáin Shiarchoinneálach ar Sheirbhísí Gairmiúla | 2,096 | 2,362 |
| Bhainc dlí agus ceart | 9,326 | 8,026 |
| | 15,580 | 14,355 |
| Asbhaintí párolla atá gcoinneáil ar fionraí | 863 | 906 |
| Cistiú ciste sóisialtana heorpaar son tionscadalréamh-cuimsiúsóisialta 2014 – 2020 | 1,702 | 1,216 |
| Réamhíocaíochtaí An Ciste Tearmainn, Imirce agus Imeasctha 2014–2020 | 8,473 | — |
| Athlonnaíocht éigeandála agus tionscadail reach | 53 | (33) |
| Fáltais bhreise iníoctha leis an Státchiste | 1 | — |
| Eile | 557 | 540 |
| | 27,229 | 16,984 |

| **2.8 Glandliteanas don Státchiste** | **2016** | **2015** |
|---|---|---|
| ag 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| Farasbarr le tabhairt suas | 25,523 | 9,015 |
| Deontas ón Státchiste nár tarraingíodh anuas | (24,900) | (8,608) |
| Glandliteanas don Státchiste | 623 | 407 |
| **Arna léiriú ag:** | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Banc agus airgead tirim | 27,248 | 16,551 |
| Iarmhéideanna dochair: ar fionraí | 604 | 840 |
| | 27,852 | 17,391 |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Dlite don Stát | (15,580) | (14,355) |
| Iarmhéideanna creidmheasa: ar fionraí | (11,649) | (2,629) |
| | (27,229) | (16,984) |
| | 623 | 407 |

| **2.9 Ceangaltais** | **2016** | **2015** |
|---|---|---|
| ag 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| | | |
| **GlobalCommitments** | | |
| Soláthar earraí agus seirbhísí | 6,162 | 3,350 |
| Tograí caipitil | 51 | 57 |
| Iomlán na dtiomantais infheidhmithe le dlí | 6,213 | 3,407 |

**2.10 Dliteanais Aibithe**

Ní raibh aon dliteanais aibí neamhscaoilte ag deireadh na bliana 2016 nó sa bhliain roimhe sin.

## 3 Caiteachas Cláir de réir Fo-mhírcheann

| | | 2016 | | 2015 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar meastacháin** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| **A** | **Ceannaireacht agus maoirseacht ar pholasaí ceartais agus comhionannais agus cur i bhfeidhm** | | | |
| A.1 | Riarachán - pá | 9,957 | 8,576 | 9,725 |
| A.2 | Riarachán - neamhphá | 5,790 | 6,106 | 6,326 |
| A.3 | Cigireacht na bPríosún | 384 | 481 | 414 |
| A.4 | Coimisiún Ombudsman an Gharda Síochána | 9,546 | 8,386 | 8,648 |
| A.5 | Oifig Chigireachta na nGardaí | 1,255 | 904 | 1,061 |
| A.6 | Oifig an Choimisinéara Cosanta Sonraí | 4,748 | 3,906 | 2,963 |
| A.7 | Oifig Aicmithe Scannán na hÉireann | 683 | 786 | 627 |
| A.8 | Údaráis Lárnach | 135 | 19 | 43 |
| A.9 | An tÚdarás um Rialáil Seirbhísí Dlí | 1,001 | 1,001 | — |
| A.10 | An tÚdarás um Rialáil Carthanas | 2,665 | 2,708 | 1,366 |
| A.11 | Údarás Rialála na Seirbhísí Réadmhaoine | 1,760 | 1,915 | 1,341 |
| A.12 | Seirbhís Dócmhainneachta na hÉireann | 7,317 | 6,528 | 7,916 |
| A.13 | Suirbhéireacht Ordanáis Éireann | 7,415 | 7,315 | — |
| | An tÚdarás Póilíneachta | — | — | 239 |
| | Íocaíochtaí le tionscnóirí na gcrannchuir carthanachta ar leith | — | — | 1,000 |
| | | 52,656 | 48,631 | 41,669 |

**Éagsúlachtaí suntasacha**

Tríd is tríd, an caiteachasindáil leis an gClárA €4.03milliún níos ísle ná mar a fhoráiltear. Bhí sé seo den chuid is mó mar gheallar an méid seo a leanas:

| Cur síos | Níos lú/(níos mo) ná mar a soláthraíod h€000 | Míniú |
|---|---|---|
| Coimisiún Ombudsman an Gharda Síochána | 1,160 | Tharla an coigilteas mar nach ndeachthas ar aghaidh le conradh do sheirbhísí tacaíochta imscrúdúcháin nó go mbeadh athbhreithniú déanta ar imeachtaí eagraíochtúla ag an gCoimisiún nua-bhunaithe. |
| Oifig Chigireachta na nGardaí | 351 | Rinneadh coigilteas de thuairim is €140,000 de bharr laghdú ar chostais tuarastail nach raibh aon súil leo, go príomha de bharr nár líonadh dhá fholúntas ar feadh an chuid is mó de 2016. Baineann an iarmhéid, €211,000 le tearc-chaitheamh i roinnt réimsí, lena n-áirítear foilseachán agus tacaíocht sheachtrach. |
| Oifig an Choimisinéara Cosanta Sonraí | 842 | Tharla an coigilteas de bharr go raibh costais tuarastail níos ísle ná mar a bhí súil leo sa bhliain 2016. Cuireadh maoiniú breise ar fáil chun na costais a bhaineann le breis foirne a sheasamh faoi dheireadh na bliana 2016. Ach, bhí moill ar an earcú foirne, agus tháinig cuid den fhoireann chun cinn níos déanaí sa bhliain ná mar a bhí súil leis. |

| Cur síos | Níos lú/(níos mo) ná mar a soláthraíod h€000 | Míniú |
| --- | --- | --- |
| Oifig Aicmithe Scannán na hÉireann | (103) | Tharla an barrachas mar thoradh ar chostais dlí i dtaca le cás sa Chúirt Uachtarach a socraíodh sa bhliain 2016 agus costais aon-uaire tógála. Bhí róchaiteachas €209,000 san iomlán, nár bhain le costais tuarastail, agus cuid de fhritháirithe ag sábhálacha ar thuarastal de €106,000 de bharr an t-am a caitheadh sular cuireadh daoine eile in áit na ndaoine a fuair post eile sa tseirbhís phoiblí. |
| Údaráis Lárnacha | 116 | Cuireann an tÚdarás Lárnach seirbhís aistriúcháin ar fáil d'iarratais i dtaca le fuadach idirnáisiúnta páistí agus aisghabháil cothabhála. Tharla an coigilteas mar gheall go bhfuarthas níos lú iarratas sa bhliain 2016 ná mar a bhí súil leis. Mar gheall go mbraitheann an tseirbhís seo ar éileamh, tá sé deacair an riachtanas caiteachais in aon bhliain áirithe airgeadais a thuar. |
| Údarás Rialála na Seirbhísí Réadmhaoine Náisiúnta | (155) | Tharla an barrachas mar gheall ar chaiteachas ar thograí breise i rith na bliana. Chuir an tÚdarás an obair a bhaineann le cigireacht ar iniúchadh géilliúntas a chur amach ar chonradh agus cuireadh roinnt gearán a raibh riaráistí orthu faoi chúram chigirí seachtracha. Bhunaigh an tÚdarás feachtas sna meáin chun cur le feasacht ar chosaint tomhaltóirí agus chun dul i ngleic le hoibritheoirí gan ceadúnas. Bhí róchaiteachas iomlán €296,000 ann i gcostais nár bhain le cúrsaí tuarastail mar thoradh ar na tionscnaimh seo. D'fhritháirigh tearc-chaitheamh €141,000 i gcúrsaí tuarastail an costas seo de bharr go raibh moill ann poist áirithe a líonadh. |
| Seirbhís Dócmhainneachta na hÉireann | 789 | Baineann an coigilteas, don chuid is mó, le tearc-chaitheamh i gcúrsaí tuarastail mar nach raibh foireann iomlán ag an SDE ar feadh na bliana |

| | | 2016 | | 2015 |
|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar meastacháin | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 |
| **B** | **Oibriú le haghaidh pobail shábháilte** | | | |
| B.1 | Riarachán - pá | 7,158 | 6,949 | 7,093 |
| B.2 | Riarachán - neamhphá | 4,128 | 6,355 | 6,356 |
| B.3 | An Biúró um Shócmhainní Coiriúla | 7,042 | 6,687 | 6,678 |
| B.4 | Seirbhísí Promhaidh - tuarastail, pánna agus liúntais | 22,834 | 19,643 | 20,773 |
| B.5 | Seirbhísí Promhaidh - costais oibriúcháin | 3,275 | 3,372 | 2,945 |
| B.6 | Seirbhísí Promhaidh - seirbhísí do chiontóirí | 10,732 | 12,365 | 9,784 |
| B.7 | Scéim Orduithe na Seirbhíse Pobail | 2,122 | 1,953 | 1,999 |
| B.8 | Seirbhís na hÉireann um Cheartas i leith an Aosa Óig | 17,396 | 17,551 | 17,426 |
| B.9 | Maoiniú ar sheirbhísí d'íospartaigh na coireachta | 1,462 | 1,446 | 1,212 |
| B.10 | An Bord Athbhreithnithe Meabhairshláinte (Dlí Coiriúil) | 397 | 400 | 390 |
| B.11 | Cúiteamh ar dhíobhálacha pearsanta déanta go coiriúil | 4,233 | 3,963 | 4,166 |
| B.12 | Cúnamh Dlíthiúil (Coiriúil) | 47,552 | 52,998 | 50,879 |
| B.13 | CúnamhDlí – Saincheisteannacoinneála | 3,000 | 2,981 | 2,749 |
| B.14 | An Bord Parúil | 336 | 348 | 331 |
| B.15 | Bearta coiscthe coireanna | 397 | 397 | 197 |
| B.16 | An tÚdarás um Shlándáil Phríobháideach | 2,447 | 2,640 | 2,390 |
| B.17 | COSC- foréigean teaghlaigh, gnéasach & inscne | 2,416 | 2,210 | 1,582 |
| B.18 | An tSaotharlann Dlí-eolaíochta | 9,911 | 9,741 | 8,999 |
| B.19 | An Paiteolaí Stáit | 1,399 | 1,076 | 1,296 |
| | | 148,237 | 153,075 | 147,245 |

**Éagsúlachtaí suntasacha**

San iomlánbhíollshuim an chaiteachaismaidir leis an gClár B €4.84 milliún níos aired ná an tsuim a ndearnadhsoláthardó. Bhí sé seo den chuid is mó mar gheallar an méid seo a leanas:

| **Cur síos** | **Níos lú/(níos mo) ná mar a soláthraíodh€ 000** | **Míniú** |
|---|---|---|
| Riarachán - neamhphá | (2,227) | Baineann an barrachas le costais bhreise ICT atá roinnte idir na cláir éagsúla. Is iad seo a leanas, na príomh-fhorbairtí de réir na Straitéise ICT don tSeirbhís Phoiblí (PSICTS); infheistíocht in infrastruchtúr breise chun tacú le méadú 30% sna daoine a bhaineann leas as seirbhísí ICT na Roinne, aistriú go hardán Microsoft PSICTS do sholáthar seirbhísí amach anseo go leanúnach agus forbairt ar lárionad sonraí Dlí agus Comhionnannais. Sin iad na rudaí a raibh caiteachas breise i gceist leo. Tá méadú sa chaiteachas sa bhliain 2016 i dtaca le costais riaracháin eile i gceist sa bharrachas freisin, m.sh. seirbhísí ar chonradh, cúrsaí teileachumarsáide agus costais a bhaineann le háitribh. |
| An Biúró um Shócmhainní Coiriúla | 355 | Tharla na coigiltis de bharr go raibh níos lú costas dlí ná mar a bhí súil leis. |
| Seirbhísí Promhaidh - tuarastail, pánna agus liúntais | 3,191 | Tharla an coigilteas mar go raibh folúntais ann nach raibh aon súil leo, agus go raibh níos lú earcaíochta ná mar a bhí súil leis sa bhliain 2016. Tá sé i gceist ag an tSeirbhís Promhaidh 39 Oifigeach Promhaidh ar a laghad a earcú sa tréimhse 2016/2017. Ní líonfar ach 6 fholúntas faoi dheireadh 2016. |
| Seirbhísí Promhaidh - seirbhísí do chiontóirí | (1,633) | Tharla an barrachas de bharr gur socraíodh imeachtaí dlí i dtaca leis an léas ar áitreabh ar Shráid Wolfe Tone, a úsáid do thogra pobail, maoinithe ag an tSeirbhís Promhaidh (féach nóta 6.8) |
| Scéim orduithe na seirbhíse pobail | 169 | Tharla an coigilteas de bharr go raibh folúntais ann do Mhaoirseoirí Seirbhíse Pobail, agus dá bharr bhí tionchar aige ar chostais a bhain le cúrsaí tuarastail agus nár bhain le cúrsaí tuarastail. Reáchtáladh comórtas earcaíochta i Mí na Samhna 2016, le súil agus go líonfaí roinnt folúntas práinneach faoin dara ceathrú de 2017. |
| Cúiteamh ar dhíobhálacha pearsanta déanta go coiriúil | 270 | Tharla an coigilteas de bharr go raibh níos lú dámhachtain ná mar a bhí súil leis mar go raibh comhaltacht den Bhinse Fiosraithe gan líonadh ar feadh tréimhse le linn 2016. |
| Cúnamh Dlíthiúil - coiriúil | (5,446) | Tharla an barrachas mar gheall ar an líon ábhar coiriúlachta a bhí os comhair na gCúirteanna a raibh cúnamh dlí saor in aisce ceadaithe. Faoin Acht um Cheartas Coiriúil (Cúnamh Dlí) 1962, is faoi na Breithiúna atá sé, cúnamh dlí a cheadú. Braitheann an scéim seo ar éileamh agus íoctar táillí agus costais leis na cleachtóirí de réir théarmaí agus coinníollacha na scéime. |
| An tÚdarás um Shlándáil Phríobháideach | (193) | Tharla an barrachas de bharr chaiteachas ar sheirbhísí dlí agus costais phróiseála a bheith níos airde ná mar a bhí súil leis. |

| Cur síos | Níos lú/(níos mo) ná mar a soláthraíodh€ 000 | Míniú |
|---|---|---|
| Cosc - foréigean teaghlaigh, gnéasach agus inscne | 206 | Bhí coigiltis ann i réimse leathan gníomhaíochtaí; costais tuarastail de €96,000, €50,000 i dtaca le cláir do lucht déanta coireanna a thosaigh níos déanaí sa bhliain ná mar a bhí súil leis, tearc-chaitheamh €54,000 i gcostais chíosa agus íocaíochtaí cothabhála de bharr go ndearnadh idirbheartaíocht arís ar an léas den áitreabh oifige a raibh seilbh ag COSC. Mar nár tugadh seo chun críche roimh dheireadh na bliana, níor íocadh dhá íocaíocht ráithiúla sa bhliain 2016. |
| An Paiteolaí Stáit | 323 | Tharla an coigilteas de bharr folúntas foirne agus tearc-chaitheamh caipitil €648,000. Ba é luach an tearc-chaithimh ar phárolla agus ar chaipiteal ná €198,000 agus €450,000 faoi seach. D'fhritháiríodh é seo le suim €325,000 ar chaiteachas reatha nach raibh bainteach le cúrsaí tuarastail, de bharr costais a bhain le feistiú na saotharlainne nua, agus trealamh a chur ann. |

| | | 2016 | | 2015 |
|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar meastacháin | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 |
| **C** | **Teacht ar cheart agus ar chóir do chách** | | | |
| C.1 | Riarachán – pá | 173 | 169 | 172 |
| C.2 | Riarachán – neamhphá | 100 | 154 | 154 |
| C.3 | Ciste Magdalen | 4,902 | 2,400 | 5,455 |
| C.4 | Coimisiúin agus fiosrúcháin speisialta | 7,104 | 3,545 | 10,257 |
| C.5 | An Bord um Chúnamh Dlíthiúil | 34,838 | 36,188 | 32,471 |
| C.6 | Ionaid saorchomhairle dlí | 98 | 98 | 98 |
| C.7 | Seirbhís Chróinéara | 386 | 172 | 136 |
| | | 47,601 | 42,726 | 48,743 |

**Éagsúlachtaí suntasacha**

Tríd is tríd, an caiteachasindáil leis an gClár C €4.88 milliún níos ísle ná mar a fhoráiltear. Bhíséseo den chuid is mó mar gheallar an méidseo a leanas:

| Cur síos | Níos lú/(níos mo) ná mar a soláthraíodh€ 000 | Míniú |
|---|---|---|
| Ciste Magdalen | 2,502 | Tharla an coigilteas mar go bhfuarthas níos lú iarratas sa bhliain 2016 ná mar a bhí súil leis. Níor cuireadh an tAcht um Chinnteoireacht Cuidithe (Cumas) 2015 i bhfeidhm sa bhliain 2016, agusníorbh fhéidir íocaíochtaí a dhéanamh maidir le tuairim is 19 cás a bhain le hiarratasóirí a raibh deacrachtaí inniúlachta acu. Chomh maith leis sin, tá tuairim is 25 cás a bhfuil stáideanna éagsúla próiseála bainte amach acu – feitheamh ar ghlacadh le tairiscintí, ceisteanna probháide le réiteach, agus tuilleadh fiosraithe ag teastáil sular féidir cinneadh a dhéanamh. |
| Coimisiúin agus fiosrúcháin speisialta | 3,559 | Tharla an coigilteas de bharr costas a bhain leis an tríú páirtí maidir le binsí fiosraithe, leithéidí Smithwick agus Morris, nach raibh dlite sa bhliain 2016 mar a bhí súil leis. |
| Seirbhís Chróinéara | 214 | Tharla an coigilteas de bharr go raibh caiteachas níos lú ná mar a bhí súil leis i gcúrsaí tuarastail (€86,000) agus costais dlí (€128,000). Níor cuireadh i bhfeidhm fós Alt 60 den Acht um Chróinéirí 1962 arna leasú (soláthar seirbhísí dlí do bhall teaghlaigh an duine éagtha i gcásanna áirithe). |

| | | 2016 | | 2015 |
|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar meastacháin | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 |
| **D** | **Comhionannas agus comhtháthú a chur chun cinn** | | | |
| D.1 | Riarachán – pá | 553 | 536 | 547 |
| D.2 | Riarachán – neamhphá | 318 | 491 | 490 |
| D.3 | An tÚdarás Náisiúnta Míchumais | 3,804 | 3,743 | 3,750 |
| D.4 | Oifig um chur chun cinn Lánpháirtíocht na n-Imirceach | 4,445 | 3,660 | 2,591 |
| D.5 | Bearta um míbhuntáiste sóisialta (cuntais díomhaoin arna maoiniú) | 3,311 | 2,951 | 733 |
| D.6 | Deontais d'Eagraíochtaí Náisiúnta Ban | 400 | 400 | 300 |
| D.7 | Tionscnaimh an Lucht Siúil | 2,205 | 2,080 | 738 |
| D.8 | Gníomh Dearfach um Chomhionannas Insnce | 2,385 | 1,511 | 163 |
| D.9 | Tionscnaimh Feasachta Míchumais | 257 | 273 | 182 |
| | | 17,678 | 15,645 | 9,494 |

**Éagsúlachtaí suntasacha**

Tríd is tríd, an caiteachasindáil leis an gClár D €2.03 milliún níos ísle ná mar a fhoráiltear. Bhí sé seo den chuid is mó mar gheallar an méidseo a leanas:

| Cur síos | Níos lú/(níos mo) ná mar a soláthraíodh€ 000 | Míniú |
|---|---|---|
| Riarachán - neamhphá | (173) | Baineann an barrachas le costais bhreise ICT atá roinnte idir na cláir éagsúla. Is iad seo a leanas, na príomh-fhorbairtí de réir na Straitéise ICT don tSeirbhís Phoiblí (PSICTS); infheistíocht in infrastruchtúr breise chun tacú le méadú 30% sna daoine a bhaineann leas as seirbhísí ICT na Roinne, aistriú go hardán Microsoft PSICTS do sholáthar seirbhísí amach anseo go leanúnach agus forbairt ar lárionad sonraí Dlí agus Comhionnannais. Tá méadú sa chaiteachas sa bhliain 2016 i dtaca le costais riaracháin eile i gceist sa bharrachas freisin, mar seirbhísí ar chonradh, cúrsaí teileachumarsáide agus costais a bhaineann le háitribh oifige. |
| Oifig um chur chun cinn Lánpháirtíocht na n-Imirceach | 785 | Tharla tuairim is €249,000 den choigilteas i gcúrsaí tuarastail de bharr roinnt folúntas a bhí gan líonadh ag deireadh na bliana 2016. Míníonn níos lú caiteachais ar chláir imeasctha ná mar a bhí súil leis, an iarmhéid den choigilteas. Tharla sé seo mar nár glacadh leis an oiread teifeach is mar a bhí súil leis faoi Chlár na hÉireann um Chosaint Teifeach. |
| Bearta um míbhuntáiste sóisialta (cuntais díomhaoin arna maoiniú) | 360 | Tharla an coigilteas, go príomha, de bharr go raibh moill ar bhunú thograí Athstiúrtha Óige, lena n-áirítear seirbhís phíolótach meantóireachta. Cé go ndearnadh dul chun cinn suntasach leis na tograí seo sa bhliain 2016. Tharla an mhoill de bharr go raibh moill níos mó ná mar a bhí súil leis, ar earcú oibrithe do na tograí. |
| Tionscnaimh an Lucht Siúil | 125 | Tharla an coigilteas de bharr nár aithníodh roinnt tograí agus tionscnaimh nua ar feitheamh na Straitéise Náisiúnta Uilechuimsitheachta don Lucht Siúil agus do lucht Roma. |

| **Cur síos** | **Níos lú/(níos mo) ná mar a soláthraíodh€ 000** | **Míniú** |
| --- | --- | --- |
| Gníomh dearfach um chomhionannas insnce | 874 | Tharla and coigilteas de bharr moill ar chaiteachas i dtaca le tograí faoi Chiste Sóisialta na hEorpa. Cuirfear tús leis na tograí roghnaithe sa bhliain 2017. |

| | | **2016** | | **2015** |
| --- | --- | --- | --- | --- |
| | | **Soláthar meastacháin** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| **E** | **Córas imirce, tearmainn agus saoránachta atá éifeachtach, freagrúil agus cothrom** | | | |
| E.1 | Riarachán – pá | 7,513 | 7,296 | 7,446 |
| E.2 | Riarachán – neamhphá | 4,333 | 6,673 | 6,675 |
| E.3 | Ciste Tearmainn, Imirce agus Imeasctha | 1,500 | 18 | 1,045 |
| E.4 | Seirbhís Eadóirseachta agus Inimirce na hÉireann | 51,641 | 51,641 | 46,994 |
| E.5 | Cóiríocht na n-iarrthóirí tearmann | 69,120 | 64,137 | 57,025 |
| | | 145,123 | 129,765 | 119,185 |

**Éagsúlachtaí suntasacha**

Tríd is tríd, an caiteachasindáil leis an gClár E €15.36milliún níos ísle ná mar a fhoráiltear. Bhí sé seo den chuid is mó mar gheallar an méidseo a leanas:

| **Cur síos** | **Níos lú/(níos mo) ná mar a soláthraíodh€0 00** | **Míniú** |
| --- | --- | --- |
| Riarachán - neamhphá | (2,340) | Baineann an barrachas le costais bhreise ICT atá roinnte idir na cláir éagsúla. Is iad seo a leanas, na príomh-fhorbairtí de réir na Straitéise ICT don tSeirbhís Phoiblí (PSICTS); infheistíocht in infrastruchtúr breise chun tacú le méadú 30% sna daoine a bhaineann leas as seirbhísí ICT na Roinne, aistriú go hardán Microsoft PSICTS do sholáthar seirbhísí amach anseo go leanúnach agus forbairt ar lárionad sonraí Dlí agus Comhionnannais. Tá méadú sa chaiteachas sa bhliain 2016 i dtaca le costais riaracháin eile i gceist sa bharrachas freisin, mar seirbhísí ar chonradh, cúrsaí teileachumarsáide agus costais a bhaineann le háitribh oifige. |
| Ciste Tearmainn Imirce agus Imeasctha | 1,482 | Tharla an coigilteas mar nach raibh an ciste ag feidhmiú go hiomlán sa bhliain 2016. Tá na tograí a gheobhaidh maoiniú roghnaithe anois agus cuirfear tús leo sa bhliain 2017. |
| Seirbhís Eadóirseachta agus Inimirce na hÉireann | 11,016 | Tharla coigilteas de thuairim is €3.1 milliún i dtuarastal dlite mar nach raibh acmhainní breise foirne ar fáil do roinnt réimsí feidhmiúcháin chomh tapa agus a raibh súil leis. Áirítear sna réimsí sin, rialú teorann ag Aerfort Bhaile Átha Cliath agus cásanna a phróiseáil chun ullmhú do chur i bhfeidhm an Achta um Chosaint Idirnáisiúnta 2015. Tharla an coigilteas €7.8 milliún i gcostais nach mbaineann le cúrsaí tuarastail mar go mbraitheann go leor de na seirbhísí a chuirtear ar fáil faoin bhFo-cheannteidealar éileamh, agus is deacair iad a thuar. Tharla an coigilteas mar go raibh moill nach raibh súil leis, ag glacadh le teifigh lena n-athlonnú faoi gClár na hÉireann um Chosaint Teifeach. |

| Cur síos | Níos lú/(níos mo) ná mar a soláthraíodh<br><br>€000 | Míniú |
|---|---|---|
| Cóiríocht na n-iarrthóirí tearmann | 4,983 | Tharla an coigilteas mar thoradh ar an líon daoine a raibh sé i gceist a thabhairt go hÉirinn faoi Chlár Athlonnaithe an AE a bheith níos ísle ná mar a bhí leagtha amach. Tá Éire tiomanta glacadh le 4,000 duine faoi Chlár na hÉireann um Chosaint Teifeach. Táthar ag súil go dtiocfaidh formhór na ndaoine sin ón nGréig agus ón Iodáil. Ina iomláine, tá 519 teifeach tagtha go hÉirinn ar mhaithe lena n-athlonnú agus 320 duine lena n-athlonnú faoi dheireadh na bliana 2016. |

# 4 Fáltais

| **4.1 Leithreasaí-i-gcabhair** | | | **2016** | **2015** |
|---|---|---|---|---|
| | | **Measta** | **Réadaithe** | **Réadaithe** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| 1. | Táillí cinsireachta scannáin | 1,703 | 1,641 | 1,581 |
| 2. | Táillí cosanta sonraí | 550 | 747 | 931 |
| 3. | Fáltais AE | 3,350 | 184 | 2,438 |
| 4. | Fáltais ilghnéitheacha | 583 | 416 | 350 |
| 5. | Táillí clárúcháin inimirce | 24,000 | 26,339 | 27,792 |
| 6. | Táillí víosa | 4,000 | 8,741 | 6,322 |
| 7. | Fáltais na gcuntas díomhaoin | 3,311 | 2,940 | 733 |
| 8. | Táillí an Údaráis um Shlándáil Phríobháideach | 2,364 | 3,241 | 2,386 |
| 9. | Táillí na dteastas náisiúntachta agus saoránachta | 12,500 | 11,799 | 11,743 |
| 10. | An tÚdarás um Rialáil Seirbhísí Dlí – tobhach ar chomhlachtaí gairmiúla | 1 | — | — |
| 11. | Táillí an Údarás Rialála Seirbhísí Maoine | 2,300 | 2,260 | 2,240 |
| 12. | Táillí Sheirbhís Dócmhainneachta na hÉireann | 680 | 682 | 654 |
| 13. | Ranníocaíochtaí Pinsin ó fhoireann OSI | 390 | 375 | — |
| 14. | Fáltais as asbhaintí a bhaineann le pinsin ón luach saothair don tseirbhís phoiblí | 5,147 | 5,584 | 7,055 |
| | | 60,879 | 64,949 | 64,225 |

**Míniú ar éagsúlachtaí suntasacha**

Cuirtear míniú ar fáil thíos i gcás gach fotheideal ina raibh an toradh éagsúil ón méid measta tar éis aon choigeartú meastacháin forlíontach, de níos mó ná €100,000, agus de níos mó ná 5%.

| **Cur síos** | **Níos lú/(níos mó) ná mar a soláthraíodh€ 000** | **Míniú** |
|---|---|---|
| Táillí cosanta sonraí | (197) | Tharla an barrachas mar go raibh an Coimisinéir um Chosaint Sonraí ag dul i dteagmháil go gníomhach le rialtóirí sonraí agus le próiseálaithe sonraí nach raibh a gclárúchán athnuaite acu. Ina theannta sin, bhí feasacht níos fearr faoin riachtanas atá le clárú de bharr ardú i líon na bpróiseálaithe sonraí ar cuireadh an dlí orthu. Chuir na nithe sin leis na táillí riaracháin a fuarthas i rith na bliana. |

| Cur síos | Níos lú/(níos mó) ná mar a soláthraíodh€ 000 | Míniú |
|---|---|---|
| Fáltais AE | 3,166 | Tharla an t-easnamh sna fáltais a raibh súil leo, mar go raibh moill ar chóras lárnach a fhorbairt, a dtugtar e-Cohesion air, atá ag teastáil chun éilimh ESF a phróiseáil. Táthar ag súil go mbeidh an córas ar fáil go déanach sa bhliain 2017, agus beifear in ann éileamh atá fós le réiteach a aighniú ag an tráth sin. |
| Fáltais ilghnéitheacha | 167 | Tharla an t-easnamh mar gheall ar an deacracht a bhaineann le líon na bhfáltas faoin gcatagóir seo a thuar. Athraíonn sé ó bhliain go bliain. |
| Táillí clárúcháin inimirce | (2,339) | Tharla an barrachas mar gur tháinig ardú beag ar líon na náisiúnach a chláraigh ó thaobh amuigh de Limistéar Eacnamaíochta na hEorpa (EEA) i rith na bliana. Tá sé deacair méid na dtáillí seo a thuar mar gur féidir le cúinsí éagsúla tionchar a imirt orthu, go háirithe cúinsí eacnamaíochta. Freisin, d’imir scéim promhaidh do mhic léinn tionchar ar an mbarrachas. Bhain an scéim seo le grúpa áirithe mac léinn in Éirinn. |
| Táillí víosa | (4,741) | Tharla an barrachas i dtáillí Víosa mar thoradh ar ardú ar éilimh d’iarratais Víosa agus iarratais ath-iontrála. Tá an feabhas ar choinníollacha eacnamaíochta ag cuidiú leis an éileamh agus tá ardú ar ioncam ón bhfoinse seo dá bharr. |
| Fáltais na gcuntasdíomhaoin | 371 | Tá na fáltais sa bhfo-cheannteideal seo ceangailte le fo-cheannteideal D.5. Bhí easnamh sna fáltais a bhain leis an gcoigilteas ar chaiteachas i bhfo-cheannteideal D.5 (€360,000) mar go raibh níos lú íostarraingtí ná mar a bhí súil leis i gceist i gcás tograí áirithe, Clár Athstiúrtha Óige an Gharda Síochána, mar shampla. Chomh maith leis sin, ní bhfuarthas na fáltais do chaiteachas €11,000 faoi Chuntais Dímhaoin roimh dheireadh na bliana 2016, ach déanfar iad a chúiteamh le linn na bliana 2017. |
| Táillí an Údaráis um Shlándáil Phríobháideach | (877) | Tharla an barrachas mar go raibh ardú i líon na n-iarratas chun ceadúnas a athnuachan chomh maith le hiarratais chun ceadúnas a fháil don chéad uair, a fuair an tUdarás um Shlándáil Phríobháideach sa bhliain 2016. Fuarthas 145 iarratas nua ar cheadúnais chonraitheora. Ní raibh súil ach le 90 iarratas. Freisin, tháinig méadú ar láimhdeachas na gconraitheoirí a rinne a gcuid ceadúnas a athnuachan. Tháinig méadú ar tháillí i roinnt mhaith cásanna dá bharr. |
| Táillí na dteastas náisiúntachta agus saoránachta | 701 | Bhí an t-ioncam ó tháillí ar dheimhnithe náisiúntachta agus ar Dheimhnithe Saoránachta níos ísle ná mar a bhí súil leis mar gur lean an t-ísliú leanúnach ó na figiúirí arda a bhí ann le blianta beaga anuas (2012 go 2014), i líon na n-iarratas ar shaoránacht agus líon na ndeimhnithe eadóirseachta a eisítear gach bliain. Is féidir an t-ioncam ó dheimhnithe náisiúntachta agus ó dheimhnithe saoránachta a cheangal go díreach le líon na n-iarratas a fhaightear i rith na bliana, rud atá deacair a thuar. |

| Cur síos | Níos lú/(níos mó) ná mar a soláthraíodh€ 000 | Míniú |
|---|---|---|
| Fáltais as asbhaintí a bhaineann le pinsin ón luach saothair don tseirbhís phoiblí | (437) | Is féidir na fáltais ón bhfoinse seo a cheangal go díreach le costais a bhaineann le cúrsaí tuarastail. Bhí níos mó díobh ná mar a bhí súil leis. |

**4.2 Fáltais bhreise iníoctha leis an Státchiste**

| | 2016 | 2015 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Iarmhéid ag 1 Eanáir | — | — |
| Fáltais ó ghéilleadh deonach tuarastail | 1 | — |
| Aistrithe chuig an Státchiste | — | — |
| Iarmhéid ag 31 Nollaig | 1 | — |

# 5 Líon agus Pá na bhfostaithe

| | 2016 | 2015 |
|---|---|---|
| **Líon foirne** (ar choibhéis lánaimseartha) **ag deireadh na bliana** | 2,378 | 2,233 |

| | 2016 | 2015 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Pá | 116,163 | 115,801 |
| Liúntais ard-dualgais, dualgais speisialta nó dualgais breise | 296 | 283 |
| Liúntais eile | 2,837 | 3,092 |
| Ragobair agus tinreamh breise | 2,340 | 1,745 |
| Iomarcaíocht agus scaoilíocaíocht | 58 | — |
| ÁSPC an Fhostóra | 7,035 | 6,709 |
| **Pá Iomlán** | **128,729** | **127,630** |

Áirítear sa bhfigiúr pá iomlán gnéithe den phá ó na fotheidil seo a leanas: A.1, A.3, A.4, A.5, A.6, A.7, A.9, A.10, A.11, A.12, B.1, B.3, B.4, B.7, B.8, B.10, B.11, B.14, B.16, B.17, B.18, B.19, C.1, C.3, C.4, C.5, C.7, D.1, D.3, D.4, E.1 agus E.4.

**5.1 Liúntais agus Íocaíochtaí Ragoibre**

| | Líon na bhfaighteoirí | Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó | Uasíocaíocht aonair | Uasíocaíocht aonair |
|---|---|---|---|---|
| | | | **2016** | **2015** |
| | | | **€** | **€** |
| Ard-dualgais, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 47 | 7 | 52,906 | 55,033 |
| Ragobair agus tinreamh breise | 499 | 38 | 47,606 | 25,350 |
| Liúntais uainoibre agus uainchláir | 98 | 6 | 11,578 | 9,736 |
| Ilghnéitheacha | 240 | 26 | 19,112 | 21,406 |
| Luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin | 150 | 69 | 32,459 | 30,043 |

**5.2 Socruithe Eile maidir le Luach Saothair**

Íocadh suim de chuid €231,598 san iomlán le 22 státseirbhíseach scortha a bhí i bhfáltas pinsean státseirbhíse in 2016. Lena chois sin, íocadh suim de chuid €97,143 le 10 iar-státseirbhíseach agus €222,828le 6 ball na breithiúna a bhí gafa le róil éagsúla in 2016. Cuireadh an riail laghdaithe phinsin i bhfeidhm de réir Alt 52 den Acht um Phinsin Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus forálacha eile) 2012.

San iomlán íocadh €1,916,810 tríd an bpárolla do 143 dhuine i dtaca le dualgais a cuireadh i gcrích maidir le boird éagsúla, le coistí éagsúla agus le coimisiúin éagsúla, srl.

**5.3 Ró-íocaíochtaí Párolla**

Bunaithe ar thuairiscí a chuir PeoplePoint agus an PSSC ar fáil, bhí ró-íocaíochtaí de €550,003 ann (150 fostaí) ag deireadh na bliana (2015: €665,617, 216 fostaí) tá plean aisghabhála ann i gcás €343,181 (73 fostaí) de seo.

**5.4 Iomarcaíocht agus scaoilíocaíocht**

Fuair triúr fostaithe íocaíochtaí iomarcaíochta agus scaoilíocaíochtaí i 2016 le luachanna carnacha ar luach €11,628 maidir le hiomarcaíocht agus €46,243 maidir le scaoilíocaíochtaí.

# 6 Ilghnéitheach

### 6.1 Maoiniú an Chrannchuir Náisiúnta

| | | 2016 | | 2015 |
|---|---|---|---|---|
| | | Meastachán | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 |
| Fo-theideal | Cur síos | | | |
| | Íocaíochtaí le tionscnóirí roinnt crannchuir charthanúla (páirtchistithe ag an gCrannchur Náisiúnta) | — | — | 1,000 |

Aistarraingíodh an fo-cheannteideal d'íocaíochtaí do thionscnóirí de chuid crannchuir charthanachtaí áirithe (Fo-cheannteideal D. 12 mar a bhíodh) mar gur cuireadh deireadh leis an scéim íocaíochtaí áirithe sin. Léirítear an caiteachas do 2015 faoi chlár A chun an toradh iomlán den bhliain 2015 a léiriú.

### 6.2 Maoiniú AE

Áirítear maidir leis na fo-cheannteidil sa chlár thíos, caiteachas i dtaca le gníomhaíochtaí cómhaoinithe ag an Aontas Eorpach.

Ina theannta sin, déantar maoiniú do chlár, atá maoinithe ag an AE ar a dtugtar an Clár Sábháilteacht Idirlín Plus, a riar trí chuntas fionraí san Oifig um Shábháilteacht Idirlín. De bharr deacrachtaí teicniúla a bhain le hiarratas a aighniú do mhaoiniú ón AE, b'éigean íocaíochtaí €339,100 a dhéanamh ón vóta chuig ceithre eagraíocht faoin gclár áirithe de chuid an AE. B'éigean seo a dhéanamh chun leanúnachas seirbhíse a dheimhniú i dtaca le sábháilteacht idirlín. Rinneadh iarratas eile ar mhaoiniú ón AE níos déanaí sa bhliain 2016. Tá measúnú á dhéanamh air seo faoi láthair.

Fuair an Roinncistiúi2016ar son roinnttionscadalatá cistithe ag an AE agus atá riartha trí chuntas fionraí. Tá roinnt tionscadal sa tSeirbhísPromhaidh san áireamh chomh maith leis an gCiste Tearmainn, Imirce agus Imeasctha.

| | | 2016 | | 2015 |
|---|---|---|---|---|
| | | Meastachán | Toradh | Toradh |
| | | | €000 | €000 |
| Fo-theideal | Cur síos | | | |
| B.6. | Seirbhísí Promhaidh - seirbhísí do chiontóirí | 263 | — | — |
| B.8. | Cláir athstiúrtha óige an Gharda Síochána | 1,856 | — | 1,821 |
| D.8. | Gníomh Dearfach um Chomhionannas Insnce | — | 3 | — |
| E.3. | Tograí d'imircigh i mbaol | 165 | — | — |
| E.4. | Fáltais AE (Ciste Tuairisceán na hEorpa)) | 443 | — | — |
| E.3./D.4. | Ciste Teifeach na hEorpa/Ciste Imeasctha na hEorpa | 860 | — | 617 |
| E.3./D.4. | Ciste Tearmainn, Imirce agus Imeasctha | 1,960 | 181 | — |
| | | 5,547 | 184 | 2,438 |

**6.3 Coimisiúin agus Fiosrúcháin**

| | Bliain an cheapacháin | 2015 | 2016 | Caiteachas carntha go 31 Nollaig 2016 |
|---|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 | €000 |
| **Coimisiún Buan** | | | | |
| Binse Cúitimh um Dhíobhálacha Coiriúla | 1974 | 95 | 36 | — |
| **Coimisiún Cuspóir Seasta** | | | | |
| Binse Morris | 2002 | 1,003 | 1,343 | 68,695 |
| Binse Smithwick | 2005 | 5,217 | 56 | 19,485 |
| Coimisiún Dheoise Chluana agus Ard-Deoise Bhaile Átha Cliath | 2006 | — | — | 8,797 |
| Coimisiún um Shuíomh Taisí Íospartach | 2007 | 1,043 | 529 | 6,738 |
| Coimisiún Imscrúdaithe Ronan MacLochlainn | 2014 | 492 | 557 | 1,153 |
| Meicníocht Athbhreithnithe Neamhspleách - líomhaintí áirithe i dtaca leis an nGarda Síochána | 2014 | 200 | 23 | 394 |
| Fiosrúchán faoi Alt 109 an tAcht Garda Síochána 2005 isteach in iompar fiosrúcháin an Coimisiún Ombudsman an Gharda Síochána | 2015 | 63 | 113 | 176 |
| Coimisiúin Fiosrúcháin Roinn Gardaí an Cabhán-Muineachán (O'Higgins) | 2015 | 952 | 840 | 1,792 |
| Athbhreithniú Murray (athbhreithniú ar an dlí maidir le teacht a bheith ar thaifid choinnithe teileachumarsáide iriseoirí) | 2016 | — | 48 | 48 |
| | | 9,065 | 3,545 | 107,278 |

**6.4 Dliteanas Teagmhasach**

Leanfaidh na costais maidir leis an mBinse Cúitimh i leith Díobhálacha Coiriúla de réir mar a bheidh obair an Bhinse ar bun.

Beidh íocaíochtaí sa bhreis bainteach le Binse Morris, Binse Smithwick, Coimisiúin Ard-Deoise Bhaile Átha Cliath agus Deoise Chluana, Coimisiúin Neamhspleách um Aimsiú Taisí Íospartach, Coimisiúin Fiosrúcháin Ronan Mac Lochlainn, Córas Athbhreithnithe Neamhspleách isteach i líomhaintí Garda, Fiosrúchán faoi Alt 109 an tAcht Garda Síochána 2005 isteach in iompar fiosrúcháin an Coimisiún Ombudsman an Gharda Síochána Coimisiúin Fiosrúcháin Roinn Gardaí an Chabháin-Muineachán agus Athbhreithniú Murray.

Chuir Binse Morris a chuid oibre i gcrích in 2008. Baineann na costais atá fágtha le táillí dlí tríú páirtí. Tácostasdeiridhmeasta an Bhinsecothrom le thartar €70 milliún ach is solátharsealadach é seo ar feitheamh chainníochtú na gcostas dlí gan íoc.

Chinn Binse Smithwick ag deireadh 2013. Tácostaisfágthabainteach le glanadh2ordúcostaistríúpáirtí. Síltear, san iomlán, go mbeadhnacostaisthartar €1.2 milliúin agus tá sé i gceist go nglanfar iad roimh dheireadh na bliana 2017.

Tá obair an Choimisiúin um Ard-Deoise Bhaile Átha Cliath agus Deoise Chluana curtha i gcrích freisin. A mhéid ar féidir a fháil amach, baineann an t-aon chostas ar dóigh di teacht aníos le costais i dtaca le roinnt éisteachtaí cúirte maidir le foilsiú codanna áirithe de thuarascálacha an Choimisiúin a bhfuil na táillí ina leith le réiteach go fóill. Ní dócha go mbeidh na costais atá fágtha suntasach.

Tá obair an Choimisiúin Neamhspleách um Aimsiú Taisí Íospartach ar siúl fós agus braitheann a chuid gníomhaíochta agus a chostais ghaolmhara go mór ar an bhfaisnéis atá ar fáil dó maidir leis na híospartaigh a bhfuil sé ag iarraidh a dtaisí a aimsiú.

Bunaíodh Coimisiún MacLochlainn le hOrdú Rialtais an 23 Iúil 2014 tar éis do bhaill den Gharda Síochána Ronan MacLochlainn a scaoileadh agus a mharú an 1 Bealtaine 1998. Sa tuarascáil ón gCoimisiún ar an 24 Bealtaine 2016, thug Mary Rose Gearty SC, le fios go ndearna duine amháin, a aithníodh sa tuarascáil dheireanach ón gCoimisiún, iarratas chuig an Ard-Chúirt ar an 16 Bealtaine 2016, ag lorg treoir de bhun Alt 35(1)(b) d'Acht um Choimisiúin Imscrúdúcháin 2004, go leasófaí an tuarascáil sula gcuirfí faoi bhráid an An tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais í. Caithfear fanacht le cinneadh na hArd-Chúirte maidir leis an iarratas seo sula gcuirfear an tuarascáil faoi bhráid an tAire.

I mí na Bealtaine 2014, tar éis Tuarascáil Guerin a fhoilsiú, bunaíodh Meicníocht Athbhreithnithe Neamhspleách chun athbhreithniú a dhéanamh ar líomhaintí áirithe maidir le mí-iompar nó neamhdhóthanachtaí an Gharda Síochána agus na líomhaintí á n-imscrúdú d'fhonn cinneadh a dhéanamh ar mhéid na gníomhaíochta breise a d'fhéadfadh bheith ag teastáil i ngach cás agus ar an dóigh a ndéanfaí an ghníomhaíocht sin. Bunaíodh an Mheicníocht Athbhreithnithe ar bhonn sealadach, a chuimsíonn painéal athbhreithnithe de bheirt abhcóidí sinsearacha agus cúigear abhcóidí sóisearacha. Rinne an Painéal moltaí sna 320 cás ar fad a cuireadh faoina mbráid. Cuireadh deireadh le litreacha réamh-fhógra chuig gearánaigh le linn na bliana 2016.

Tá an chéad chéim eile den Athbhreithniú Neamhspleách ar bun anois, ina dtabharfar faoi na bearta a haontaíodh i ndiaidh mholtaí abhcóide. Áirítear anseo, bunú chúig fhiosrúchán faoi Alt 42 den Acht um Gharda Síochána 2005. Ní féidir meastachán cruinn a dhéanamh ar an gcaiteachas a bheidh i gceist faoi láthair.

Bunaíodhfiosrúchánimí Meithimh2015maidir le hiomparfiosrúcháin Choimisiún Ombudsman an Gharda Síochána (GSOC) faoi Alt 109 d'Acht an Gharda Síochána. Fuair an Roinn an tuairisc maidir leis an gcás seo, le linn na bliana 2016. Tá sé fós le socrú, an mbeidh aon chostas tríú pháirtí i gceist sa chás seo.

Cuireadh tús le Coimisiún Fiosrúcháinmaidir le Roinn Gardaí an Chabháin-Muineacháinimí Feabhra 2015 agus thuairiscigh an méid a bhí déanta i mí Bealtaine 2016. Tá dúshlán dlí tugtha i dtaca le gnéithe áirithe de na costais sa chás seo. Ní fios na torthaí ar na himeachtaí seo fós.

Ceapadh an t-iar-Phríomh-Bhreitheamh, an tUas. John Murray, chun athbhreithniú neamhspleách neamhreachtúil a dhéanamh ar an dlí a bhaineann le rochtain a cheadú ar thaifid theileachumarsáide de chuid iriseoirí. Ceaptar go dtiocfaidh deireadh leis an athbhreithniú go gairid. Ní cheaptar go mbeidh costais iomlána níos mó ná €150,000 i gceist.

**6.5 Íocaíochtaí ex-gratia**

Rinneadh íocaíochtaí ex-gratia ar luach €85,231 (2015: €177,835) maidir leis an Scéim Chúnaimh Dhlí neamhreachtúil do bhearta de chineál BSC. Tá an scéim seo infheidhmithe do dhaoine ar freagróirí agus/nó cosantóirí iad in aon imeachtaí cúirte a chuirtear i gcrích ag, nó in ainm, an Bhiúró um Shócmhainní Coiriúla, imeachtaí cúirte an Achta um Fháltais Choiriúlachta 1996, na hAchtanna um Choimisinéirí Ioncaim agus na hAchtanna um Leas Sóisialach agus iarratais a rinneadh ag an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí faoi Alt 39 den Acht um Cheartas Coiriúil 1994.

Rinneadh íocaíochtaí ex-gratia ar luach €1,771,092 (2015:€1,443,647) maidir leis an Scéim neamhreachtúil Chomhairle Cúnaimh Dhlí Stáisiúin Gharda. Déanann an scéim seo soláthar dó, sa chás go ndéanfaí duine a choimeád i stáisiún Garda do chuspóirí imscrúdaithe ar choir agus go bhfuil sé de theidlíocht dlí aige/aici dul i gcomhairle le dlíodóir ach gan dóthain acmhainne a bheith ag an duine le go n-íocfadh sé/sí as a leithéid de chomhairliúchán, go n-íocfar as comhairliúcháin le dlíodóirí ag an Stát.

Rinneadh íocaíochtaí ex-gratia ar luach iomlán €22,182 (2015: €8,473) i roinnt cásanna maidir le seirbhís na gCróinéirí. Baineann na híocaíochtaí faoi thrácht le costas na hionadaíochta dlí ag ionchoisní faoi bhás daoine a bhí faoi choimeád an Stáit.

Rinneadh íocaíochtaí ex-gratia ar €3,144 maidir le 1cháseilemaidir le cúnamh dlí in imeachtaí cóiriúla.

**6.6 Ciste um Thionscnamh na nDrugaí**

Fuarthas suim de €347,349 (2015: €282,487) ón gCiste Tionscnaimh Dhrugaí agus mínítear an tsuim sin trí mheán cuntais ar fionraí. Déantar soláthar don mhaoiniú faoin Straitéis Náisiúnta Frithdhrugaí 2009 – 2016 agus baineann sin le roinnt tionscadal ar le Tascfhórsaí Áitiúla Drugaí iad ar tionscnaimh iad a dtacaíonn an tSeirbhís Phromhaidh leo.

**6.7 Costais Dlí**

| | | | | | **2016** | **2015** |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | **Uimhir cásanna** | **Costais dlíthiúil íoctha ag an Roinn** | **Costais dlíthiúil bronnta** | **Cúiteamh bronnta** | **Iomlán** | **Iomlán** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| Éilimh ag baill an phobail | 338 | 1,401 | 5,555 | 10 | 6,966 | 7,337 |

Luach iomlán costas dlíthiúil de €6,966,000, baineann €5,011,000 (72%) le Seirbhís Eadóirseachta agus Inimirce na hÉireann (SEIÉ). Iompraíodh na costais dlí eile ar fud roinnt réimsí den Roinn, lena n-áirítear Rannán Cúirteanna na Roinne, Oifig den Choimisinéir Cosanta Sonraí, Coimisiún Ombudsman an Gharda Síochána, an tÚdarás um Shlándáil Phríobháideach, Oifig Aicmithe Scannán na hÉireann agus an tÚdarás Rialála Seirbhísí.

**6.8 ACostais Eadrána agus Comhréitigh**

Tá deireadh anois le himeachtaí dlí maidir le léasú áitribh oifige i Sráid Wolfe Tone, Baile Átha Cliath 1, a bhí beartaithe le haghaidh úsáide ag tionscadal pobalbhunaithe a bhí maoinithe ag an tSeirbhís Promhaidh. Ba é costas iomlán na ceiste seo ná €3.89 milliún, costas atá briste síos mar seo a leanas:

a) socrú ar luach €1.8 milliún a íocadh ag an Roinn.
b) díscríobh suime ar luach €1.068 milliún a caitheadh ar fheistiú áitribh léasaithe, agus sin léirithe mar shócmhainn i mbun forbartha i (nóta 2.3)
c) luach €1.022 milliún tabhaithe le híoc as an gcíos don áitreabh chomh maith le costais ghaolmhara eile

Cuireadh comhairle dlí ar an Roinn go raibh síniú le cur le dréacht de chomhaontú léasa i dtaca leis an áitreabh. Tar éis don léas a bheith sínithe, tharla sé nach raibh aon chead pleanála ann. Socraíodh na himeachtaí dlí a tharla dá bharr sin, go déanach sa bhliain 2016 ar chomhairle láidir dlí gur cheart sin a dhéanamh, agus dá bharr, níorbh éigean don Stát aon chostas breise a sheasamh. Roimh an socrú sin, rinneadh tréan-iarrachtaí malairt úsáide a aimsiú don fhoirgneamh, ach níor tháinig aon leas as na hiarrachtaí sin. Mar chuid den socrú, tá deireadh leis an léas ar an áitreabh seo agus ní thabhófar aon chostas breise i dtaca leis an áitreabh seo. Bhí an Roinn ag brath ar chomhairle dlí i gcónaí i dtaca leis an ábhar seo.

**6.9 Ús ar ÍocPras Cuntas**

Ba é €3,836 (2015: €4,700) suim an úisaríocprasa thabhaigh an Roinn in 2016.